AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.10.2021
COM(2021) 618 final

2021/0316 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/001 ES/País Vasco metal

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le haghaidh Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le haghaidh Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear feasta Rialachán CED).

2. An 25 Meitheamh 2021, chuir an Spáinn isteach iarratas EGF/2021/001 ES/País Vasco metal ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán NACE 25 Athbhreithniú 2 (Monarú táirgí miotail monaraithe seachas innealra agus trealamh) i réigiún NUTS 2 País Vasco (ES21) sa Spáinn.

3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le forálacha uile an Rialacháin is infheidhme maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2021/001 ES/País Vasco metal
Ballstát	An Spáinn
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[2])	País Vasco (ES21)
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	25 Meitheamh 2021
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	28 Meitheamh 2021
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	9 Iúil 2021
An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar	30 Iúil 2021
An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích	8 Deireadh Fómhair 2021
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED
An líon fiontar lena mbaineann	6
An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3]	Rannán 25 (Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh miotail)

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú coiteann na n-aonad críochach le staitisticí (NUTS) a bhunú. IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

An tréimhse thagartha (sé mhí):	2 Meitheamh 2020 – 2 Nollaig 2020
An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha	491
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	300
An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR)	1 384 950
An buiséad le CED[4] a chur chun feidhme (EUR)	44 000
Buiséad iomlán (EUR)	1 428 950
Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR)	1 214 607

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. 25 Meitheamh 2021, chuir an Spáinn isteach iarratas EGF/2021/001 ES/País Vasco metal, is é sin laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED[5]. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuair sé an t-iarratas an 28 Meitheamh 2021, agus an 9 Iúil 2021 d'iarr sé ar an Spáinn faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 12 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, is spriocdháta é a rachaidh in éag an 8 Deireadh Fómhair 2021.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 491 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 25 (Monarú táirgí miotail monaraithe, seachas innealra agus trealamh), as a bhfuil 192 díobh curtha in iúl do na húdaráis le linn comhiomarcaíochtaí. Baineann na hiomarcaíochtaí le 6 fiontar san iomlán[6]. Is i réigiún NUTS 2 País Vasco (ES21) a tharla an t-easáitiú go léir.

Critéir idirghabhála

6. Chuir an Spáinn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(b) den Rialachán maidir le CED, lena n-éilítear 200 oibrí iomarcach ar a laghad a chur ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha sé mhí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ag Rannán NACE, fiontair atá lonnaithe i réigiún amháin nó dhá réigiún theorannacha arna sainiú ag NUTS leibhéal 2 i mBallstát. Bhí 491 oibrí easáitithe i réigiún NUTS 2 País Vasco (ES21).

4 I gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691.

5 Cuireadh an teorainn ama 12 seachtaine ar fionraí idir an 1 Eanáir 2021 agus an 3 Bealtaine 2021 i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

6 Auxiliar Troquelería SL, Calderería del Oria, Matricería Deusto, Mecanizados de la Industria Vasca SLU, Taller Mecanizado Pablo López Lacalle SL, Tratamientos Superficiales Iontech SA.

7. An tréimhse thagartha sé mhí atá leis an iarratas, is tréimhse í a mhaireann ón 2 Meitheamh 2020 go dtí an 2 Nollaig 2020.

Iomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh

8. Mar a leanas is ea a ríomhadh scor na gníomhaíochta i measc na n-oibrithe easáitithe le linn na tréimhse tagartha:

   – 192 dhuine ón dáta a thug an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE[7] ón gComhairle, a thug fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil faoi na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta ina n-iomláine. Roimh an dáta a chríochnaigh an Coimisiún an measúnú, dheimhnigh an Spáinn gur cuireadh na 192 iomarcaíocht sin i bhfeidhm.

   – 299 ó dháta fhógra aonair an fhostóra chun an t-oibrí a leagan as nó chun conradh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh.

Tairbhithe incháilithe

9. Dá bhrí sin, is é 491 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Cur síos ar na teagmhais as ar eascair an iomarcaíocht agus scor na gníomhaíochta

10. An teagmhas ba chúis leis na hiomarcaíochtaí sin, is é an ghéarchéim eacnamaíoch dhomhanda é, géarchéim a tharla de dheasca phaindéim COVID-19.

11. Is é toradh a bhí ar na dianbhearta glasála a cuireadh i bhfeidhm sa Spáinn i Q2 2020 gur ciorraíodh gníomhaíochtaí agus seirbhísí eacnamaíocha neamhriachtanacha, rud ba bhuille trom ar earnáil an mhiotail. Nuair a scaoileadh na bearta glasála, bhí saincheisteanna eile ann a bhain leis an bpaindéim, ganntanas soláthairtí agus amhábhar cuir i gcás, sin agus deacrachtaí maidir le saoráidí a chur in oiriúint do phrótacail frith-COVID19, mar aon le tógáil an ghalair agus gaibhniú na n-oibrithe, nó saincheisteanna soghluaisteachta ba bhuille d'earnáil an mhiotail freisin.

12. De réir na sonraí ó Confemetal[8], is mór an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar ghníomhaíocht agus ar láimhdeachas na bhfiontar a oibríonn san earnáil miotail, agus bhí iarmhairtí diúltacha aige sin ar an bhfostaíocht agus ar leachtacht na bhfiontar (mainneachtain íocaíochtaí, rochtain ar chreidmheas, etc.).

13. I 2020 (athrú ó bhliain go bliain), thit an táirgeadh faoi níos mó ná 50 % i 18 % de na fiontair mhiotail. Tháinig laghdú níos mó ná 50 % ar an láimhdeachas i 16 % de na gnólachtaí. Tháinig laghdú idir 30 % agus 50 % den táirgeadh agus den láimhdeachas araon sa tríú cuid de na fiontair mhiotail[9].

14. Tháinig meath ar na hinnéacsanna táirgeachta, na hinnéacsanna láimhdeachas, agus na hinnéacsanna praghsanna in earnáil na dtáirgí miotail monaraithe ó bhliain go bliain gach ráithe san áireamh i 2020.

2019	2020

[7] Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát um iomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

[8] Is éard is Confemetal ann Cónaidhm na nEagraíochtaí Gnó Miotail sa Spáinn, cónaidhm a dhéanann ionadaíocht ar 220,000 fiontar nó mar sin, agus ar bhreis agus milliún go leith oibrí.

[9] Tuarascáil ar thionchar eacnamaíoch COVID-19 ar earnáil an mhiotail.Deireadh Fómhair 2020- https://atra.gal/files/noticias/Archivos_3680.pdf

	Q1	Q2	Q3	Q4	Q1	Q2	Q3	Q4
Innéacs táirgeachta (IPIMET)	6,4	4,5	1,9	3,6	-9,4	-32,9	-8,2	-2,7
Innéacs láimhdeachais an tionscail mhiotail (ICNMET)	4,9	2,8	-0,7	1,6	-10,4	-34,5	-8,5	-3,9
Innéacs na bPraghsanna Tionsclaíochta (IPRIMET)	1,3	0,9	0,4	0,2	-0,3	-0,7	-0,5	0,2

Foinse: Confemetal[10]

15. Is é toradh a bhí ar an meath ar an ngníomhaíocht agus ar an láimhdeachas go raibh iomarcaíochtaí ann. Ainneoin gur baineadh úsáid mhór as scéimeanna[11] oibre gearr-ama, tharla iomarcaíocht in 14 % de na fiontair in earnáil an mhiotail, agus bhí tionchar aige sin ar 10,6 % dá lucht saothair[12]. Is in 2020 R2 a thosaigh an iomarcaíocht lena mbaineann an t-iarratas seo.

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, sin agus ar an bhfostaíocht

16. I réigiún na mBascach, is ionann céatadán earnáil na dtáirgí miotail monaraithe agus 27,4 % d'oll-bhreisluach (OBL) an tionscail. Meáchan coibhneasta an tionscail thar an OBL réigiúnach ina iomláine, is rud é atá cothrom le 24 % nó mar sin. Ar an leibhéal náisiúnta, is ionann luach d'OBL an tionscail agus 14.5 % den OBL[13], agus is ionann meán AE-28 agus 18.8 % de[14].

17. De bharr a thábhachtaí atá siad sa gheilleagar réigiúnach, bhí tionchar mór ag na deacrachtaí in earnáil na dtáirgí miotail monaraithe ar an ngeilleagar agus ar an bhfostaíocht réigiúnach. I dtús na bliana 2020, bhí laghdú ag teacht ar an dífhostaíocht (bliain ar bhliain) san earnáil. Bíodh sin mar atá, ó Mhárta 2020 i leith, is tubaisteach a d'athraigh an treocht sin, agus is í an phaindéim ba chiontach leis. I mí Lúnasa 2020, bhí 25 %[15] níos mó daoine dífhostaithe ann ná a bhí sé mhí roimhe sin. Scriosadh na bpost i réimse na tionsclaíochta, ba mheasa é ná scriosadh na bpost i ngach earnáil eile go hiomlán.

---

10 Confemetal. Nuachtlitir mhíosúil uimh. 185 agus uimh. 197

11 Chuir 60 % de na fiontair scéimeanna oibre gearr-ama i bhfeidhm, agus is ar obair ghearr-ama a bhí leath den lucht saothair (56,71 %).

12 Tuarascáil ar thionchar eacnamaíoch COVID-19 ar earnáil an Mhiotail.Deireadh Fómhair 2020-https://atra.gal/files/noticias/Archivos_3680.pdf

13 https://es.statista.com/estadisticas/1220166/porcentaje-del-vab-total-en-espana-por-sector/

14 https://www.eustat.eus/elementos/El-32-del-VAB-industrial-esta-generado-por-sectores-de-nivel-tecnologico-alto-o-medio-alto-en-2019/not0018911_c.html

15 Avance de los datos del mercado laboral del año 2020 (sonraí faoin margadh saothair in 2020).

An dífhostaíocht i réigiún na mBascach in 2020
(bhliain go bliain)
(%)



Foinse: Lanbide - Servicio Vasco de Empleo[16]

18. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an dífhostaíocht chláraithe ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2021 (6,21 %), tá sé fós 4,6 % níos airde ná na leibhéil réamhphaindéime[17]. Thairis sin, an téarnamh atá ag tarlú, ní cothrom atá sé ag dul chun sochair do na grúpaí ar fad. I mí na Bealtaine 2021, b'ionann céatadán na dífhostaíochta fadtéarmaí agus 55,6 % den dífhostaíocht iomlán (3,6 pointe céatadáin níba airde ná in Eanáir 2021) agus maidir le céatadán na dífhostaíochta fadtéarmaí, is 60,8 % a bhí ansin (1,1 p.p. níos airde ná mí Eanáir).

Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus ar athstruchtúrú

19. Ina hiarratas ar thacaíocht ón CECD, rinne an Spáinn cur síos ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú. Leagann an Spáinn béim ar phríomhchoincheapa an Phlean Gairmoiliúna Bhascaigh, Straitéis Fostaíochta na mBascach agus an chláir um poist ghlasa. Déanann an Fhaireachlann um Staid Thionsclaíoch faireachán ar an staid eacnamaíoch. HOBETUZ (an Fhondúireacht Bhascach um Oiliúint Ghairmiúil Leanúnach san oideachas leanúnach, cuireann sí oiliúint ar fáil do dhaoine san fhostaíocht ghníomhach, agus is éard is AukerabeRRi[18] ann clár athsholáthair nua a seoladh in 2021 a bhfuil sé d'aidhm aige athsciliú agus ath-imlonnú a dhéanamh ar na hoibrithe a leagadh amach sna hearnálacha atá i lúba na géarchéime. Is cuid de struchtúr Lanbide (Seirbhís Fostaíochta Poiblí País Vasco) atá iontu araon. Trí ionadaíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i mbord rialachais Lanbide, bord atá comhdhéanta d'ionadaithe ón rialtas réigiúnach, ó na

16 Avance de los datos del mercado laboral del año 2020 (sonraí faoin margadh saothair in 2020).
17 Feabhra 2020.
18 https://www.lanbide.euskadi.eus/general/-/aukeraberri/

ceardchumainn agus ó eagraíochtaí fostóirí; sin mar a áirithítear an rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta.

20. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh go nuige seo chun cúnamh do na hoibrithe a leagadh as sa Spáinn, tá sé curtha in iúl ag Lanbide (País Vasco, Seirbhís Fostaíochta Poiblí) gur thug Lanbide (País Vasco, Seirbhís Fostaíochta Poiblí) rochtain ar a chuid seirbhísí ginearálta do na hoibrithe. Cuireadh na hoibrithe ar an eolas freisin go raibh siad incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chlár píolótach AukerabeRRi. Na 178 oibrí atá i dteideal pleananna[19] socrúcháin, tá a bplean curtha i gcrích acu cheana.

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais

21. Maidir leis na bearta thuas atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Spáinn nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais chomh maith.

22. Is comhlánú é an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe ar ghníomhaíochtaí atá á maoiniú ag cistí náisiúnta nó AE eile amhail AukerabeRRi nó na pleananna ionaid a luadh cheana.

Dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, nó lena gcuid ionadaithe, nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

23. Tá sé tugtha le fios ag an Spáinn gur i gcomhairle le meitheal a cuireadh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i dtoll a chéile. Ag cruinniú an 2 Iúil 2021, rinne bord rialachais Lanbide an t-iarratas a ghlacadh, iarratas a pléadh roimhe sin ag cruinnithe teicniúla éagsúla

24. Tionóladh cruinnithe breise an 19 Eanáir agus an 2 Feabhra 2021 le Federación Vizcaína de Empresas del Metal, (comhlachas fiontar miotail Biscay), le Asociación de Empresas de Guipúzcoa – Adegi (Comhlachas Gnó Gupúzcoa) agus le SEA-Empresas Alavesas (cumainn ghnó Alava). Thug na heagraíochtaí fostóirí sin ar fad rannchuidiú don togra, agus bhí cnuaschomhlachais[20] ábhartha ann a rinne amhlaidh.

---

19 Is oibleagáid dhlíthiúil ar an bhfiontar atá sna pleananna socrúcháin má bhriseann sé 50 oibrí as a bpost nó níos mó ná sin. Maireann siad 6 mhí, agus ní mór dóibh treoir ghairme agus oiliúint a chur ar fáil do na hoibrithe mar aon le cúnamh chun post a chuardach. An 178 oibrí a leagadh as i Matricería Deusto, is oibrithe iad a bhí i dteideal plean ionaid seachtrach.

20 Eraikune(cnuasach Thír na mBascach), cruinniú a tionóladh an 26 Eanáir 2021, GAIA(Comhlachas na dtionscal eolais agus teicneolaíochtaí feidhmeacha i dTír na mBascach) agus Aclima cnuasach an chomhshaoil i dTír na mBascach) a tionóladh an 27 Eanáir 2021, ACICAE(cnuasach mótarfheithiclí Thír na mBascach), cruinniú a tionóladh an Déardaoin 28 Eanáir 2021,
Clúster Energía(cnuasach fuinnimh na mBascach), cruinniú a tionóladh an 2 Feabhra 2021, AFM (cnuasach i gcomhair na hardmhonaraíochta), cruinniú a tionóladh an 3 Márta 2021, agus HEGAN(cnuasach aerspáis na mBascach), cruinniú a tionóladh an 4 Márta 2021.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

25. Meastar gur 300 is líon do na hoibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir gnéis, aoisghrúpa, agus an leibhéil oideachais atá acu:

Catagóir		An líon tairbhithe a bhfuil coinne leo	
Inscne:	Fir:	265	(88,3 %)
	Mná:	35	(11,7 %)
	Neamh-dhénártha	0	(0,0 %)
Aoisghrúpa:	Faoi bhun 30 bliain:	22	(7,3 %)
	30-54 bliana:	216	(72,0 %)
	Os cionn 54 bliana:	62	(20,7 %)
Leibhéal oideachais	Meánoideachas íochtarach nó níos lú[21]	107	(35,7 %)
	Oideachas ard-mheánscolaíochta[22] nó iar-mheánscolaíochta[23]	68	(22,6 %)
	An t-oideachas treasach[24]	125	(41,7 %)

Bearta atá beartaithe

26. Seo a leanas na bearta atá i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar do na oibrithe iomarcacha:

– Seisiúin ghinearálta faisnéise, fáilte agus próifílithe: Is é an seisiún faisnéise an chéad bheart a thairgfear do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, agus áirítear ann faisnéis ghinearálta maidir leis an gcomhairle ghairme atá ar fáil, mar aon le cláir oiliúna agus dreasachtaí. Sna seisiúin faisnéise aonair, áirítear próifíliú an rannpháirtí chomh maith le ceapadh an chomhairleora a bheidh ag tionlacan an oibrí le linn phróiseas an athfhostaithe.

– Cuirfear gairmthreoir ar fáil trí sheisiúin ghrúpa agus trí sheisiúin aonair.

– Dianchúnamh i gcuardach na bpost, lena n-áirítear ceardlanna cuardach post, na próisis earcaíochta, cuardach gníomhach na ndeiseanna fostaíochta áitiúla agus réigiúnacha, sin agus comhoiriúnú na bpost.

[21] ISCED 0-2
[22] ISCED 3
[23] ISCED 4
[24] ISCED 5-8

– Tacaíocht chun gnólacht a chur ar bun: Oibrithe ar suim liom bheith féinfhostaithe, gheobhaidh siad seisiúin teagaisc agus oiliúint aonair, seisiúin a d'fhéadfadh pleanáil agus staidéir féidearthachta a chumhdach, pleananna gnó a ullmhú, deiseanna maoinithe a aithint, etc.

– Ranníocaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta. Oibrithe a thosóidh gnólacht nó gníomhaíocht go féinfhostaithe, gheobhaidh siad siúd ranníocaíocht suas le EUR 8 000 le híoc as cuid de na costais chun iad féin a shocrú.

– Oiliúint: Áireofar leis sin **(1) oiliúint sna hinniúlachtaí lárnacha agus cothrománacha**, mar scileanna digiteacha, bainistiú cáilíochta, rioscaí ceirde a chosc, etc.; **(2) gairmoiliúint athoiliúna** — dóibh siúd a roghnaíonn a ngairm a atreorú lasmuigh d'earnáil an mhiotail—, mar lóistíocht, bainistiú trádstórais, tógáil agus éifeachtúlacht fuinnimh, tionscal an bhia, bainistiú na dramhaíola uirbí agus tionsclaíche, gníomhaíochtaí áineasa do dhaoine aosta, etc.; **(3) gairmoiliúint uas-scilithe**chun freastal ar scileanna an éilimh in earnáil na miotail amhail cóimeáil 3D CAD[25] agus samhaltú codanna; Ríomhchlárú meaisín-uirlise[26] CNC; Dearadh meicniúil[27] CATIA; Gabhdáin, craenacha lastuas agus ardáin chun ardaithe; Obair leathán miotail mín agus déanamh coirí; Táthú (ocsaibhreosla, leath-uathoibríoch, TIG[28], etc.); Meaisíniú le sliseanna a bhaint, meaisíniú scríobach, meaisíniú dífhoirmithe etc.; agus **(4) Oiliúint ar láthair na hoibre** atá deartha le haghaidh folúntais nach bhfuil iarrthóirí oiriúnacha ar fáil lena n-aghaidh. Tar éis don oibrí lena mbaineann an oiliúint a chríochnú, tairgfear conradh dó.

– Liúntas um chuardach poist agus liúntas oiliúna: Tá liúntas rannpháirtíochta suas le EUR 300 dóibh i bhforáil siúd atá rannpháirteach sa seisiún aonair comhairliúcháin a chuirtear isteach ina gcúrsa taistil pearsantaithe féin. Na hoibrithe a ghlacann páirt ghníomhach sa bheart 'Dianchúnamh chun post a chuardach', nó na hoibrithe a chuireann oiliúint an oiliúint i gcrích, tabharfar cnapshuim EUR 400 dóibh.

27. Socraíodh go mbeadh na Bearta i gcomhréir le Straitéis Geilleagair Chiorclaigh na Spáinne[29]. Cuidíonn an oiliúint le treisiú phróiseas an chlaochlaithe dhigitigh sa tionscal. Cuireadh conclúidí thuarascáil[30] DESI 2020 san áireamh chun ábhar na hoiliúna i scileanna digiteacha a shocrú. Cuirfidh an pacáiste le scaipeadh na scileanna cothrománacha a theastaíonn sa ré dhigiteach agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 7.2 den Rialachán maidir le CED.

28. Is ionann pacáiste comhordaithe na seirbhísí pearsanaithe atá beartaithe, pacáiste a bhfuil tuairisc air anseo, agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Na seirbhísí atá á mbeartú, ní seirbhísí iad a chuirfear in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

---

25 Dearadh ríomhchuidithe (CAD).

26 Baineann monaróirí úsáid as Clárúchán CNC (Clárúchán Rialaithe Uimhriúla Ríomhaireachta) chun treoracha clár a chruthú ionas go mbeidh ríomhairí in ann meaisín-uirlisí a rialú.

27 Is é CATIA (acrainm ar fheidhm idirghníomhach tríthoiseach ríomhchuidithe) sraith bogearraí il-ardán le haghaidh dearadh ríomhchuidithe (CAD), déantúsaíocht ríomhchuidithe (CAM), innealtóireacht ríomhchuidithe (CAE), bainistíocht saolré táirge (PLM) agus 3D.

28 Gás támh tungstain.

29 https://www.miteco.gob.es/es/calidad-y-evaluacion-ambiental/temas/economia-circular/estrategia/

30 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi

29. Sholáthair an Spáinn an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

Buiséad measta

30. Is é EUR 1 428 950 luach na gcostas measta ina n-iomláine, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 1 384 950 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 44 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, mar aon le gníomhaíochtaí rialaithe agus tuairiscithe.

31. Is é EUR 1 214 607 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

32. Is é Lanbide, seirbhís fostaíochta poiblí na mBascach, a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú náisiúnta agus an cómhaoiniú náisiúnta.

Bearta	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[31]	Costais mheasta iomlána *(EUR)*[32]
Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2)(a) den Rialachán maidir le CED)			
Faisnéis ghinearálta. Seisiúin fáilte agus phróifílithe (*Difusión y presentación del proyecto. Acogida)*	300	406	121 800
Gairmthreoir (*Asesoramiento y orientación laboral)*	300	455	136 500
Dianchúnamh i gcuardach poist (*Apoyo a la búsqueda de empleo)*	280	750	210 000
Tacaíocht chun gnólacht a chur ar bun (*Apoyo a personas emprendedoras)*	20	1 838	36 750
Ranníocaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta (*Ayuda al emprendimiento)*	10	8 000	80 000
Oiliúint (*Desarrollo profesional y prácticas en empresas)*	300	1 486	445 900
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	–		1 030 950 (74,44 %)
Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED)			
Dreasachtaí (*Ayuda por la participación)*	300	1 180[33]	354 000
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	—		354 000 (25,56 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) den Rialachán maidir le CED			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	–		3 000
2. Bainistíocht	–		3 000

31 Chun deachúlacha a sheachaint, slánaítear na meánchostais mheasta in aghaidh an rannpháirtí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Spáinn isteach.

32 Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

33 Is chun críoch léirithe amháin a thugtar an costas in aghaidh an rannpháirtí i gcás an bhirt seo. Costas na ndreasachtaí in aghaidh an rannpháirtí, is ar ar chás aonair gach oibrí a bheidh sé ag brath, agus ar incháilitheacht an oibrí do na cineálacha éagsúla dreasachtaí.

3. Faisnéis agus poiblíocht	–	3 000
4. Rialú agus tuairisciú	–	35 000
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	—	44 000 (3,08 %)
Costais iomlána (a + b + c):	–	1 428 950
Ranníocaíocht ó CED (85% de na costais iomlána)	–	1 214 607

33. Costais na mbeart atá sainaithnithe sa tábla thuas mar bhearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Spáinn go ngabhann coinníoll leis na bearta sin, eadhon nach mór do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú a bheith rannpháirteach go gníomhach i ngníomhaíochtaí cuardaigh poist nó i ngníomhaíochtaí oiliúna.

34. Dheimhnigh an Spáinn nach rachadh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

Tréimhse incháilitheachta caiteachais

35. 11 Meitheamh 2021, thosaigh an Spáinn ag soláthar na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas a bheidh é incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 11 Meitheamh 2021 go dtí 24 mí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoinithe i bhfeidhm.

36. 1 Feabhra 2021, thosaigh an Spáinn ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón Dé Luain 1 Feabhra 2021 go ceann 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoinithe i bhfeidhm.

Córais bhainistíochta agus rialaithe

37. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Spáinn fógra don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí a bhainistíonn agus a rialaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais. Is éard a bheidh i Lanbide comhlacht idirmheánach an údaráis bhainistíochta.

Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

38. Chuir an Spáinn na dearbhuithe uile ar fáil a bhfuil gá leo maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú sa rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean dá gcuid gníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, is fiontair iad a bhfuil a gcuid

oibleagáidí dlíthiúla comhlíonta acu, agus riar déanta acu ar a gcuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta, sin agus le rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

39. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018), faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an Déardaoin 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 20212027[34].

40. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 1 214 607 a shlógadh as CED, sin 85 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

41. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, faoi mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[35].

Gníomhartha gaolmhara

42. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le EUR 1 214 607 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

43. An tráth céanna a ghlac sé an togra seo le cinneadh CED a shlógadh, ghlac an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb ionann é agus cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais[36]. Tiocfaidh an cinneadh airgeadais sin i bhfeidhm ar an dáta a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

---

34 IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11.

35 IO L 433, 22.12.2020, lch I/29.

36 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1

2021/0316 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/001 ES/País Vasco metal

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1309/2013[37], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, an comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní[38] dílse nua a thabhairt isteach, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, sin agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[39].

(3) An 25 Meitheamh 2021, chuir an Spáinn iarratas isteach ar CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[40] Athbhreithniú 2 rannán 25 (Monarú táirgí miotail monaraithe, seachas innealra agus trealamh) in

37 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

38 IO L 433, 22.12.2020, lch. I/29

39 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11).

40 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

Ainmníocht na nAonad Críche maidir le Staidreamh (‘NUTS’)[41] a bhaineann le País Vasco (ES21) na Spáinne, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha le ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 214 607 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Spáinn isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlactar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 214 607 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*]*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

[41] Rialachán (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú coiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú. IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

* An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.